



Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

Tuarascáil Bhliantúil 2018

Table of Contents

1 Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOPLLG	1
2 Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach BOOPLLG.....	2
3 Cúlra agus Rialachas	3
3.1 BOOPLLG COMHALTAÍ BOIRD.....	4
3.2 BOOPLLG BAILL NA GCOISTÍ	5
3.3 FOIREANN BHAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ BOOPLLG	6
4 Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí	7
5 Oideachas Dara Leibhéal	9
6 Breisoideachas agus Oiliúint.....	10
7 Airgeadas	11
8 Spriocanna Straitéiseacha a Chur i bhFeidhm – 2018	12

1 Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOPLLG



I mo ról mar Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, tá gliondar croí agus bród orm as na seirbhísí a sholáthair an Bord Oideachais agus Oiliúna do na foghlaimeoirí a gcasaimid orthu agus don phobal i gcoitinne. Is a bhuíochas le tiomantas agus gairmiúlacht ár bhfoirne a dhéantar an réimse seirbhísí agus deiseanna a fhorbairt agus a sholáthar go seasmhach.

Táimid ag oibriú i dtimpeallacht dhinimiciúil agus dhúshlánach faoi láthair, agus tá sé ríthábhachtach go leanaimid le ceannas a ghlacadh agus deiseanna cuí a sholáthar don fhostaíocht agus d'fhorbairt phearsanta inár réigiún. Mar eagraíocht, táimid tiomanta do na dúshláin go léir seo a shárú.

Leanann ár n-eagraíocht ag tabhairt faoin bpróiseas ina ndéantar ár bpleananna forbartha straitéisí a chur i bhfeidhm agus táimid tiomanta dár gcomh-uaimhian chun na dúshláin a shárú a bhaineann le seirbhísí ardchaighdeán oideachais agus oiliúna a sholáthar trí chur chuige nuálach i leith ár bpobail agus ár réigiúin.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a chur in iúl do mo chomhghleacaithe agus do bhaill de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, dár bhfoireann agus don iliomad páirtithe leasmhara a chuir lenár n-eagraíocht le 12 mhí anuas.

Le gach dea-ghuí,

An Comh. Séamas Ó Móra,
Cathaoirleach, BOOPLLG.

2 Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach BOOPLG



Tháinig forbairt leanúnach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (BOOPLG) in 2018. Lean borradh suntasach ag teacht ar an líon foghlaimeoirí, cúrsaí agus deiseanna ag scoil agus ionaid. Thit forbairtí móra amach maidir le Seirbhísí don Ógra, Glúin an Cheoil, Oideachas Pobail agus Seirbhísí don Ghnó fad a d'fhorbraíomar ceangail fiú ní ba láidre laistigh den phobal ar a bhfreastalaímid. Rinne seirbhísí feidhmiúcháin/riaracháin a chomhtháthú inár n-oifigí ár gcumas a neartú agus a fheabhsú chun saoráidí oideachais agus oiliúna den chéad scoth a sholáthar do phobail Phort Láirge agus Loch Garman.

Forbairt an-mhór i rith 2018 a bhí sa chéad Ráiteas Straitéise riamh a foilsíodh do BOOPLG. B'éard a bhain leis seo ná ollmhéid comhairliúcháin a dhéanamh leis an bhfoireann, foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, comhpháirtithe seachtracha (comhpháirtithe pobail, deonacha, reachtúla, gnó, ceardchumann agus comhlachtaí ar spéis leo), Boird Bhainistíochta agus Bord BOOPLG i gcaitheamh tréimhse dhéanach in 2017 agus go luath in 2018 ar fhaomh Bord BOOPLG Ráiteas Straitéise 2018-2022 d'aon ghuth dá bharr ag a chruinniú i mBealtaine 2018.

I measc thorthaí suntasacha na Straitéise, bhí an méid seo a leanas:

Spríocanna Straitéiseacha Comhaontaithe (lena mbuntacaíonn Croiluach, faoi mar a leagtar amach ar leathanach 3 den tuarascáil seo):

1. Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar do mhic léinn agus foghlaimeoirí
2. Seirbhísí Eagraíochta a fhorbairt
3. Ár ndaoine ag oibriú le chéile
4. Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú marthanacha a chothú agus a fhorbairt
5. Cumarsáid éifeachtach agus sheachtrach a fhorbairt

Leagfaidh an méid thuas an bhunchloch faoi chlár oibre cúig bliana lena gcomhaontaítear agus déanfaidh Foireann um Chur i bhFeidhm agus tuairiscí rialta le Bord BOOPLG maoirseacht air. Spreagfainn duit an straitéis a léamh agus táimid sásta glacadh le smaointe nua nuair is féidir linn tacú le foghlaimeoirí agus an pobal i gcoitinne.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann (1,659) a léiríonn an oiread sin tiomantas seasmhach ar fud ár n-eagraíochta agus a chinntíonn go gcuirtear ar chumas ár bhfoghlaimeoirí (22,103) in iar-bhunscoileanna agus atá ag tabhairt faoi bhreiseoideachas agus oiliúint (BOO) a gcumas agus a ndeiseanna dul chun cinn a fhorbairt go hiomlán. Táimid an-bhuíoch de na tuismitheoirí/caomhnóirí laistigh den dá chontae a léiríonn iontaoibh ionainn chun oideachas agus oiliúint a chur ar a leanaí agus déanfaidh na deiseanna dóibh a uasmhéadú, sa chás gurb indéanta, i gcónaí. Gabhaimid buíochas, chomh maith, lenár gcomhpháirtithe i measc réimse an-fhairsing eagraíochtaí, a mbeadh ár gcumas chun ár seirbhísí a sholáthar an-srianta murach iad. Táimid an-bhuíoch díot ag oibriú leanfaimid ag oibriú leat faoi mheanma an chomhair agus na comhpháirtíochta a chuireann feabhas orainn go léir. Gabhaimid buíochas lenár bpríomh-mhaoinitheoirí, is é sin, an Roinn Oideachais agus Scileanna, SOLAS agus an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige as bhur dtacaíocht agus ní fhéadfaimis feidhmiú gan bhur gan an tacaíocht siúd.

Ar deireadh, gabhaim buíochas lenár mbaill den Bhord agus de na Coistí as bhur dtiomantas agus bhur ndúthracht thréan d'fhoghlaimeoirí Phort Láirge agus Loch Garman trí bhur gcuid oibre le BOOPLG. Is rímhór againne san fheidhmeannacht gach rud a dhéanann sibh, bíodh freastal ar chruinnithe na mBord/na gCoistí éagsúla, freastal ar imeachtaí scoile agus ionaid agus go leor gníomhaíochtaí eile de chuid BOOPLG i gceist.

Caoimhín Ó Lobhaois
Príomhfheidhmeannach

3 Cúlra agus Rialachas

Ár bhFís

Tá de chuspóir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (BOOPLL) an fhoghlaim a stiúradh trí sheirbhísí ardchaighdeáin, cuimsitheacha, freagrúla agus nuálacha oideachais agus oiliúna a sholáthar inár bpobal.

Ár Misean

Is é misean BOOPLL chun réimse fairsing de chláir, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, daoine óga agus daoine fásta ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

Ár gCroíluachanna

- Meas
- Cuntasacht
- Díriú ar Fhoghlaim
- Cáilíocht

Ráiteas Straitéise

Tá ár Ráiteas Straitéise, a d'fhaomh Bord BOOPLL i mBealtaine 2018, in ainm is na príomhlimistéir le haghaidh pleanála amach anseo laistigh de Bhord BOOPLL don tréimhse 2018-2022 a chur ar an eolas agus a threorú. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise i ndiaidh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin (le réimse fairsing páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha) ina raibh baint ag Bord BOOPLL, boird bhainistíochta, an fhoireann, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimoirí fásta, leasanna gnó agus geilleagracha, fostóirí, údarás áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile (féach an Achoimre Feidhmiúcháin sa Phlean Straitéiseach). Léirigh an próiseas comhairliúcháin go soiléir go bhfuil an fhoireann agus páirtithe leasmhara ag oibriú i dtreo comhspríoc a bhaint amach - timpeallacht chuimsitheach agus thacúil a fhorbairt do mhic léinn agus foghlaimoirí chun cabhrú leo chun a lánchumas a bhaint amach. Tá baint lárnach ag prionsabail na hiomláine agus an chomhionannais inár n-obair agus ár ndéileálacha le páirtithe leasmhara chun ár bhfís a bhaint amach. Go bunúsach, creidimid go bhfuil bealach chun foghlama ann do gach duine agus gur cheart go mbeadh an t-eispéireas oideachais ina eispéireas claochlaitheach do mhic léinn agus foghlaimoirí.

Struchtúir Rialachais BOOPLL

Faoi mar a leagtar amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, údarás áitiúil reachtúil, oideachas agus oiliúint é Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman. Tá BOOPLL á rialáil ag bord ina bhfuil fiche a haon ball. Áirítear leis seo dhá ionadaí dhéag ó Chomhairlí Cathrach agus Contae áitiúla Phort Láirge agus Loch Garman; beirt chomhaltaí tofa ón bhfoireann; beirt ionadaithe tuismitheora/caomhnóra; agus cúigear comhaltaí a bhfuil eolas speisialta acu ar an oideachas agus oiliúint, ionadaí foghlaimora agus ionadaí gnó ina measc. Tugann na boird bhainistíochta i ngach ceann de thrí choláiste dhéag BOOPLL tacaíocht bhreise d'obair na heagraíochta.

I gcomhréir leis na feidhmeanna forchoimeáda a leagtar amach faoi Alt 12(i) den Acht BOOanna, bhunaigh BOOPLL dhá Choiste faoi Alt 45 den Acht BOOanna chun tacú lena obair. Is iad seo:

- An Coiste Iniúcháireachta
- An Coiste Airgeadais

I gcomhréir leis na feidhmeanna forchoimeáda a leagtar amach faoi Alt 12(i) den Acht BOOanna, bhunaigh BOOPLL roinnt Coistí faoi Alt 44 den Acht BOOanna chun tacú lena obair. Is iad seo:

- An Coiste Oibre don Ógra
- Coistí Ceantair:
 - Coiste Ceantair Phort Láirge Thiar agus Láir
 - Coiste Ceantair Chathair Phort Láirge agus Thrá Mhór
 - Coiste Ceantair Loch Garman Theas
 - Coiste Ceantair Loch Garman Thuaidh
- Coiste Ógtheagmhála
- Coiste an SDOG

3.1 BOOPLLG COMHALTAÍ BOIRD

Tofa ag Comhairle Contae & Cathrach Phort Láirge

An Comh. Máire de Róiste (d'éirigh as in 2018)

An Comh. Lola Ní Shuilleabháin

An Comh. Pádraig Nuinseann
An Comh. Tomás Ó Crónáin

An Comh. Micheál J Ó Riain (Leas-Chathaoirleach)

Tofa ag Comhairle Contae Loch Garman

An Comh. Bairbre -Áine Ó Mhurchú
An Comh. Caitlín Nic Coda-Nualáinn
An Comh. Máire Ní Fearail
An Comh. Fionntán Ó'Súilleabháin

An Comh. Maolcholaim Ó Broin
An Comh. Séamas Ó Móra (Cathaoirleach)
An Comh. Gearóid Ó Cárthaigh

Comhaltaí Foirne

An tUasal Neasa Ní Mhurchú

An tUasal Séafra Mac Coileáin

Baill Tuismitheoirí

An tUasal Fionola de Bhailéis

An tUasal Daithí Ó Dubhghaill

Ainmnithe ó Eagraíochtaí Sonraithe

An tUasal Marc Mac Gearailt
An tUasal Seán Mac Fhíobhuí
An tUasal Máire Ní Riain
An tUasal Seán de Bhál
An tUasal Áine Uí Fhoghlú

CGFÉ (IBEC)
AONTAS
JMB/ACCS/NAPD
AHEAD
FORAS NA GAEILGE

3.2 BOOPLG BAILL NA GCOISTÍ

Coiste Airgeadais

(Cathaoirleach) An tUasal Micheál de Bhial	Seachtrach
An tUasal Áine Ní Muirí	Seachtrach
An tUasal Pádraig Mac Cathail	Seachtrach
An tUasal Daithí Ó Dubhghaill	Ball den BOO
An Comh. Pádraig Nuinseann	Ball den BOO

An Coiste Iniúchóireachta

(Cathaoirleach) An tUasal Éadbhard Ó Bhriain	Seachtrach
An tUasal Elaine Ní Sioradáin	Seachtrach
An tUasal Seán Ó Cuidithe	Seachtrach
An Comh. Caitlín Nic Coda-Nualáinn	Ball den BOO
An Comh. Gearóid Ó Cárthaigh	Ball den BOO
An Comh. Micheál J Ó Riain	Ball den BOO

Coiste Ógtheagmhála

(Cathaoirleach) An Comh. Pádraig Nuinseann	An tUasal Daithí Ó Dubhghaill
An Comh. Lola Uí Shúilleabháin	An tUasal Úna Nic Dhonnchaidh
An tUasal Pól Ó Fallúin	

Coiste an SDOG

(Cathaoirleach) An Comh. Bairbre-Áine Ní Mhurchú	An Comh. Pádraig Nuinseann
An tUasal Eibhlín Ní Chonchúir	An tUasal Seán Mac Fhíobhuí
An tUasal Toirealach Ó Riain	

An Coiste um Obair don Ógra

(Cathaoirleach) An Comh. Máire de Róiste	An tUasal Ailéin Ó Bhroin
An tUasal Séafra Mac Coileáin	An tUasal Alsún Pearail
An tUasal Daithí Ó Dubhghaill	An tUasal Róisín Ní hUrnaí
An tUasal Máire Ní hAileagáin	An tUasal Sadhbh Ní Conchobhair
An tUasal Gail Ní Shuilleabháin	An tUasal Seán Mac Dhabhóc
An tUasal Síle Ní Somacháin	An tUasal Ciarán Ó Donnchadha

Coistí Ceantair BOOPLG

Tá ceithre Choiste Ceantair BOOPLG tacaíthe ag foireann a fhreastalaíonn mar chomhairleoirí:

Ionadaí Foirne na hArdbhainistíochta
Príomhoidí Iar-Bhunscoileanna
Ionadaithe Breisoideachais agus Oiliúna
Ionadaí Seirbhísí don Ógra

Coiste Ceantair Phort Láirge Thiar agus Láir

(Cathaoirleach) An Comh. M.J. Ó Riain An Comh. Tomás Ó Crónáin
An tUasal Áine Ní Muirí An Comh. Pádraig Nuinseann
An tUasal Séafra Mac Coileáin An tUasal Áine Ní Foghlú

Coiste Ceantair Chathair Phort Láirge agus Thrá Mhór

(Cathaoirleach) An Comh. Lola Ní Shuilleabháin An tUasal Máire Ní Riain
An tUasal Seán de Bhál An Comh. Máire de Róiste
An tUasal Marc Mac Gearailt

Coiste Ceantair Loch Garman Theas

(Cathaoirleach) An Comh. Gearóid Ó Cárthaigh An Comh. Séamas Ó Móra
An tUasal Neasa Ní Mhurchú An tUasal Daithí Ó Dubhghaill
An tUasal Seán Mac Fhíobhuí

Coiste Ceantair Loch Garman Thuaidh

(Cathaoirleach) An Comh. Bairbre-Áine Ní Mhurchú An Comh. Máire Ní Fearail
An Comh. Fionntán Ó Suilleabháin An Comh. Caitlín Nic Coda-Nualáinn
An Comh. Maolcholaim Ó Bhroin

3.3 FOIREANN BHAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ BOOPLG

Príomhfheidhmeannach	An tUasal Caoimhín Ó Lobhaois
Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta	An Dr Karina Ní Dhálaigh (An tUasal Pól ó Gloinn Gníomhach, Bealtaine-Nollaig 2018)
Stiúrthóir Scoileanna	An tUasal Eilís Ní Loidí
Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna	An tUasal Ken Ó Banáin
Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha	An tUasal Mícheál Ó Briain
Bainisteoir Acmhainní Daonna	An tUasal Áine-Máire Nic Seoin
Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha	An tUasal Fionntán Ó Raghallaigh
Bainisteoir Airgeadais	An tUasal Eoghan Ó Mathúna

4 Léargas Ginearálta ar Sheirbhísí



22,103

DALTA AGUS
FOGHLAIMEOIR



1,659

BALL FOIRNE



2,013

CÚRSA

24

IONAD
BREISOIDEACHAIS
/OILIÚNA


13

CHOLÁISTE IAR-
BHUNSCOILE
(1 CHOLÁISTE IAT INA MEASC)



3

PHOBALSCOIL FAOI
PHATRÚNACHT BOOPLLG



€105m

BUISÉAD
BLIANTÚIL



430

CUIDEACHTA
FAOI
THACAÍOCHT




45

PRINTÍSEACHT FAOI
THACAÍOCHT
(13 AR BHONN INTÍ INA MEASC)

Láthair Ionad laistigh de

BOO Phort Láirge agus Loch Garman



Coláistí Iar-Bhunscoile

- Coláiste Bhaile an Droichid
- Gairmcholaíste Bhun Clóidí
- Coláiste Abbáin
- Coláiste an Átha
- Coláiste Dhún Garbhán
- Coláiste na Craobhaí
- Gairmcholaíste Inis Córthaidh
- Coláiste Uí Chinnéide
- Meánscoil San Nioclás
- Coláiste Sheilscire
- Coláiste Phobail Déagláin Naofa
- Coláiste Phobail Naomh Pól

Coláiste Iar-Ardteistiméireachta

- Coláiste Breisoideachais Phort Láirge

Pobalscoileanna ina bhfuil BOOPLG ina chomhphátrúin

- Pobalscoil na hAbhann Duibhe
- Pobalscoil Ghuaire
- Pobalscoil Na Gráinsí

Ionad Riaracháin

- An Ceannoifig, Ard Chaomhain, Loch Garman
- Fo-Oifig Dhún Garbhán
- Ionad Oiliúna Phort Láirge

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh

- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh, Síol Beagáin

Ionaid Ógtheagmhála

- Dún Garbhán
- Inis Córthaidh
- Guaire
- Ros Mhic Thriúin
- Ionad Subla Phort Láirge
- Trá Mhór
- Port Láirge
- Loch Garman

Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna

- Ionad Oideachais Aosaigh Bhun Clóidí
- Ionad Oideachais Aosaigh Cheapach Choinn
- Ionad Oideachais Aosaigh Dhún Garbhán
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh
- Ionad Oideachais Aosaigh Ghuaire
- Ionad Oideachais Aosaigh Choill Mhic Thomáisín
- Ionad Oideachais Aosaigh Ros Mhic Thriúin
- Ionad Oideachais Aosaigh Shráid Ozanam, Port Láirge
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór
- Ionad Oideachais Aosaigh Loch Garman, An Geata Thiar, Loch Garman
- Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman
- Ionad Aosoideachais Dhún Garbhán
- Ionad Oideachais Aosaigh Cearnóg an Iarnróid, Port Láirge
- SDOG Phort Láirge, Durands Court, Port Láirge
- SDOG Ionad Breisoideachais Phort Láirge, Burchall House, Port Láirge
- Ionad Oiliúna Phort Láirge
- Ionad Oiliúna Loch Garman

5 Oideachas Dara Leibhéal

Rolluithe Coláiste in 2018

Ainm na Scoile	Rolluithe amhail an 30/09/2018	
	Dara Leibhéal	Iar-Ardteistiméireacht
Coláiste Bhaile an Droichid	575	14
Gairmcholáiste Bhun Clóidí	203	22
Coláiste Abbáin	239	0
Coláiste an Átha	314	57
Coláiste na Craobhaí	672	0
Coláiste Dhún Garbhán	188	267
Gairmcholáiste Inis Córthaidh	436	204
Coláiste Uí Chinnéide	162	88
Meánscoil San Nioclás	146	0
Coláiste Sheilsceire	409	101
Coláiste Phobail Déagláin Naofa	715	0
Coláiste Phobail Naomh Pól	511	31
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge	0	729
Rolluithe Iomlána Coláiste	4,570	1,513

Mic Léinn Ranganna Oíche 2018

Líon Iomlán na Mac Léinn Ranganna Oíche	741
---	------------

6 Breisoideachas agus Oiliúint

Clár Breisoideachais agus Oiliúna a Sholáthar- 2018 Outturn	
Clár	Tairbhithe
Oiliúint Phrintíseachta	1,315
Oiliúint Chumaisc	66
Nasc-Oiliúint agus Bunoiúint	55
Ionaid Oiliúna Pobail	271
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	485
Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta	2,917
Cláir Shainoiliúna	112
Oiliúint ar Scileanna Sonracha	635
Cúrsaí Oiliúna	229
An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (an SDOG)	793
Ógtheagmháil	490
Iomlán: Cláir Lánaimseartha	7,368
Litearthacht Aosach	2,637
Grúpaí TFAO	1,719
BCTE	1,028
Oiliúint Tráthnóna	1,676
Uaireanta Comhoibríthe BOO	63
ITABE	41
Athlonnaíocht Dídeanaithe	378
Scileanna don Obair	302
Oideachas Pobail	1,580
Iomlán: Cláir Pháirtaimseartha	9,424
IOMLÁN – GACH CLÁR	16,792

7 Airgeadas

Ráitis Airgeadais maidir le Ráitis Airgeadais:

De réir Chiorclán 0002/2019, tá BOOPLG tiomanta dá Ráitis Airgeadais a fhoilsiú laistigh de mhí amháin i ndiaidh go bhfaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Foilseofar na Ráitis Airgeadais ar ár láithreán gréasáin faoin Scéim Foilsithe Samhla.

<http://waterfordwexford.etb.ie/information-compliance/foi-publication-scheme/financial-information/>

8 Spriocanna Straitéiseacha a Chur i bhFeidhm – 2018



SPRIOC STRAITÉISEACH 1

Chun cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a chur ar fáil dár ndaltaí agus foghlaimoirí. Bainfear sin amach trí inrochtaineacht a chinntiú agus trí dheiseanna a sholáthar dár bpobal chun leas a bhaint as barr feabhais san oideachas agus san oiliúint.

Tosaíocht Straitéiseach 1.1: Cláir oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin a sholáthar		
	Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
1.1.1	Modhanna múinte, foghlama agus teagaisc nua-aimseartha forchéimnithe a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc agus cleachtais mhúnlaithreacha teagaisc.	<ul style="list-style-type: none"> - Sholáthair BOOPLG deiseanna do mhúinteoirí chun forbairt ghairmiúil leanúnach ardchaighdeáin a fháil ar leibhéal scoile iomláine, grúpa bhig agus aonair, anuas ar thacú le saineolas trascholáiste a roinnt. - Oiliúint leanúnach in úsáid a bhaint as TF mar uirlis mhúinteoireachta a chuireann foireann tacaíochta ar fáil, ceardlanna Moodle ina measc.
1.1.2	Tacú leis an dea-chleachtas sa mhúineadh agus san fhoghlaim inár gcoláistí agus inár n-ionaid ar fad tríd an bhforbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).	<ul style="list-style-type: none"> - FGL ar Mhúinteoireacht agus Foghlaim - Diancheardlanna múinteoireachta agus cóitseála leanúnacha atá in ainm is cumas gairmiúil a fheabhsú agus a fhorbairt taobh istigh dár gcoláistí. (Curtha ar fáil ag Mike Hughes, Oideachasóir). Tosóidh cóitseálaithe anois le FGL a sholáthar don fhoireann laistigh dá gcoláistí féin agus le laethanta iomlána FGL a éascú do rannpháirtithe nua. Tá físchóitseáil ar bun go leanúnach. Tá “Mol” Scoil Mhaigeanta á fhorbairt. Comhoibriú leanúnach leis na Braislí Digiteacha. - Foilsíodh eagrán nua de na Prionsabail Mhaigeanta do mhargadh na hÉireann. Chuir ár múinteoirí 20 sampla de cheachtanna leis. Úsáideadh BOOPLG mar chás-staidéar sa leabhar ‘dea-chleachtais’ a bhaineann le FGL scoile iomláine agus trascholáiste. - Cuireadh oiliúint Oifige 365 ar an láthair ar mhúinteoirí i scoileanna agus ionaid. - D’éirigh le BOOPLG lena iarratas ar chistiú don Bhraisle Foghlama Digití – Pobal Ceoil agus O365. - Cruthaíodh Aonad tiomnaithe Forbartha Gairmiúla BOO laistigh de BOOPLG a bhfuil a líne bhuiséid féin aige. Tacaíonn an tAonad le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a sholáthar d’fhoireann BOOPLG, atá bunriachtanach chun scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla a chothú agus a fheabhsú laistigh dár n-acmhainní foirne.
1.1.3	Struchtúr do líonraí atá sainiúil don ábhar a fhorbairt i BOOPLG ina bhféadann múinteoirí comhoibriú i bhforbairt na n-acmhainní foghlama agus múinte, i léamh na dtuairisceoirí cúrsa/ábhair agus smaointe, réitigh agus acmhainní a chomhroinnt.	<ul style="list-style-type: none"> - Éascaíodh deiseanna comhoibríthe don fhoireann mhúinteoireachta Coláiste trí bhraislí foghlama digití a bhunú in 2018. - Rinne grúpa Múinteoirí Ceoil (Pobal Ceoil) an ceol a chur chun cinn inár gcoláistí agus idirchaidreamh le Comhordaitheoirí Ghlúin an Cheoil chun feabhas a chur ar Cheol ina bpobail. - Cuireadh oiliúint agus tacaíocht ar fáil do mhúinteoirí i líonraí Pobal Cleachtais trí úsáid a bhaint as ardán na bhFoirne.

1.1.4	Cabhrú le coláistí maidirle Clár nua na Sraithe Sóisearaí a churi bhfeidhm.	<ul style="list-style-type: none"> - Tacaíocht leanúnach chun Gearrchúrsaí nua a fhorbairt a bhaineann go sonrach le riachtanais scoileanna aonair.
1.1.5	Dul i ngleic le hathbhreithniú leanúnach ar chlár na Sraithe Sóisearaí arna dtionscnamh ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar mhaithe le réimsí forbartha a mholadh i gcoláistí agus in ionad Ógtheagmhála.	<ul style="list-style-type: none"> - Tacaíocht le múinteoirí aonair ó roinnt dár gcoláistí a ghlac páirt ghníomhach sa phróiseas seo ina ndéantar athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.
1.1.6	Iarracht a dhéanamh líon na ndaoine a roghnaíonn ábhair ETIM (STEM) a mhéadú ar aon dul leis an tosaíocht atá sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna.	<ul style="list-style-type: none"> - I Samhain 2018, rinne BOOPLG comhoibriú le Comhairle Contae Loch Garman chun tacú le clár imeachtaí 'Wex-Sci' a thabhairt isteach i Sheachtain na hEolaíochta. Mar thoradh ar an gclár, cuireadh roinnt imeachtaí rathúla ar siúl, roinnt samplaí ina measc a rinne BOOPLG a chur ar siúl/a chur chun cinn: <ul style="list-style-type: none"> > D'fhreastail daltaí na hIdirbhliana agus foghlaimeoirí SDOG, anuas ar roinnt bunscoileanna, ar Lá Oscailte FabLab; > Rinne an Dr Betsy Hickey dhá chur i láthair phoiblí ar an Domhaneolaíocht. - D'fhreastail thart ar duine ar an Sárthaispeántas Eolaíochta faoi stiúir CCLG a bhí ar siúl Dé Sathairn, an 18 Samhain inar dhírigh seastán BOOPLG ar deiseanna printíseachta a chur chun cinn. - Thit Siompóisiam Eolaíochta trascholáiste BOOPLG amach in 2018 agus déanfar breis forbartha air in 2019 i gcomhoibriú le scoileanna/coláistí.
1.1.7	Saoráidí ardchaighdeán nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm a chur ar fáil do dhaltaí, d'fhoghlaimeoirí agus don fhoireann, agus acmhainní agus deiseanna tacaíochta dul chun cinn a uasmhéadú ar an gcaoi sin.	<ul style="list-style-type: none"> - In 2018, fad a cuireadh tús le hobair ar Aonad tiomnaithe Neamhord de chuid Speictream an Uathachais le haghaidh Choláiste Naomh Pól, atá le críochnú in 2019, thug BOOPLG roinnt príomhthionscadail bhonneagracha chun críche, an méid seo a leanas ina measc: <ul style="list-style-type: none"> - Ionad tábhachtach nua Ógtheagmhála a bhunú a chuireann réimse saoráidí ar fáil d'fhoghlaimeoirí i gCathair Phort Láirge. Forbairt thábhachtach is ea an tIonad nua agus áirítear leis réimse saoráidí a fhreastalóidh ar na foghlaimeoirí i gCathair Phort Láirge. - Osclaíodh ár saoráid FabLab in Inis Córthaidh, Contae Loch Garman. Cuirtear oiliúint ar fáil ar dhearadh 3D, muilleoireacht CNC agus REVIT do dhaoine fostaithe agus dífhostaithe araon. Freastalaíodh ar chuideachtaí áitiúla i dtaobh cistiú a sholáthar dá riachtanais oiliúna dearaidh, agus ar fhréamhshamlacha a fhorbairt. - Tugadh réimse tionscadail mion-athchóirithe chun críche in 2018.

1.1.8	Cinntiú go bhfuil bonneagar TFC ar an gcaighdeán is airde i bhfeidhm, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, líonraí gan sreang, stóráil néalbhunaithe, agus prótacail agus beartais maidirle húsáid idirlín.	<ul style="list-style-type: none"> - Tugadh tionscadail suiteála WiFi chun críche i gColáiste Bhaile an Droichid Coláiste, Coláiste Gairmoideachais Bhun Clóidí agus Coláiste Gairmoideachais Inis Córthaidh. - Rinneadh infheistíocht shuntasach i saoráidí TF i ngach ionad BOO. Chuimsigh an infheistíocht seo bonneagar WiFi a fhorbairt agus trealamh feabhsaithe a sholáthar i measc na nIonad go léir.
-------	--	---

Tosaíocht Straitéiseach 1.2: Rochtain do gach foghlaimeoir a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt chuige sin

Gníomhartha Straitéiseacha		Torthaí 2018
1.2.1	Dírú ar rochtain agus straitéisí a fhorbairt a laghdaíonn bacainní ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint agus comhionannas deiseanna a chinntiú do gach foghlaimeoir.	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh deiseanna ar fáil d'fhoghlaim dhifreáilte trí Uirlisí Foghlama (O365) a chuimsiú isteach i bhfoghlaim. Áiríodh leis seo ceardlanna de 'stíl chlinic' a cuireadh ar siúl i gcoláistí ar iarraidh.
1.2.2	Líon na gcúrsaí oiliúna ábhartha agus na bprintíseach atá á oiliúint ag BOOPLLG a mhéadú trí chaidreamh feabhsaithe le gnólachtaí, tionscail agus comhlachtaíreachtúla áitiúla.	<ul style="list-style-type: none"> - Tháinig méadú ar acmhainn phrintíseachta in Ionad Oiliúna Phort Láirge agus bhí printíseachtaí leictreacha breise ar fáil. - Forbraíodh clár Cúrsa Oiliúna Tiomána Gairmiúla i gcomhar le Comhlachas Tarlú Bóthair na hÉireann (CTBÉ). Cuireadh an clár píolótach seo ar siúl i dtrí láthair ar fud Phort Láirge agus Loch Garman in 2018.
1.2.3	Soláthar na seirbhísí oideachais agus oiliúna do theifigh a fheabhsú.	<ul style="list-style-type: none"> - Síneadh Clár Oideachais Athlonnaíochta Dídeanaithe chun Port Láirge agus Loch Garman a chuimsiú in 2018. Chuir Teagascóirí Tacaíochta Teaghlaiigh tús le hoibríochtaí san Ionad Glactha agus Treoch Éigeandála (IGTÉ) i gCluain Fhia, Contae Phort Láirge.
1.2.4	Oibriú le treoirchomhairleoirí coláistí agus daoine fásta chun feacht ar dheiseanna in oideachas tríú leibhéal agus i mbreisoideachas agus oiliúint a leathnú.	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh feabhas ar Threoir d'Aosaigh BOOPLLG a sholáthar tríd an tríú Treoirchomhairleoir a fhostú, atá bunaithe i gContae Phort Láirge. - Thit trí lá oscailte amach in 2018 mar chuid de <i>Sheachtain na gColáistí</i> in Ionad Oiliúna Phort Láirge. Cuireadh turais threoraithe ar fáil d'iarbhunscoileanna, Ionaid Ógtheagmhála, Ionad Oiliúna Pobail agus go leor grúpaí óige. Ba ghné lárnach de na turais seisiúin faisnéise ar phrintíseachtaí. - Thit lá oscailte amach i gColáiste Dhún Garbhán. Chuir go leor de na hinstiúidí tríú leibhéal agus fostóirí BOOPLLG seastáin in airde.
1.2.6	Ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 agus Straitéis Foghlama le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) 2016-2019, múineadh agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt agus a churi bhfeidhm ar fud na heagraíochta, agus iarracht a dhéanamh réimsí a aimsiú ina bhféadann múineadh agus foghlaim le	<ul style="list-style-type: none"> - Leantar ag tacú le Ríomhfhoghlaim/Foghlaim Dhigiteach i Scoileanna agus Ionaid araon. Pobal Ceoil – ghlac an bhraisle cheoil páirt in oiliúint ar Microsoft. Is iad Foirne MS an t-ardán comhoibríteach a úsáideann múinteoirí ceol anois le haghaidh cumarsáide, ábhar a roinnt agus comhoibriú in ábhair. Tá oiliúint idir-piaráí ar roinnt aipeanna ceoil ar bun ag cnuaschrúinnithe a sholáthraíonn timpeallacht chomhoibríteach shaibhríte.

	<p>cuidiú teicneolaíochta bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Braisle O365 BOOPLG – ghlac rannpháirtithe sa bhraisle páirt in oiliúint ar Microsoft. Déanann na múinteoirí seo faisnéis/oiliúint a scaipeadh ar chomhghleacaithe. - Bacainní a shainaithint atá roimh an teicneolaíocht a imeascadh sa Mhúinteoireacht agus san Fhoghlaim agus réitigh a bheartaítear a shainaithint ar féidir iad a chur i bhfeidhm i measc scoileanna agus ionad. - Clár Ceannairí Digiteacha a chur i bhfeidhm do dhaltáí chun an deighilt idir daltaí/múinteoirí a bhaint i measc coláistí. - Ceapadh Comhordaitheoir breise Foghlama Digití (atá ar iasacht) chun tacú le straitéis foghlama le cuidiú teicneolaíochta (FCT) a chur i bhfeidhm.
<p>1.2.7</p>	<p>Cur chuige aisiríoch a thabhairt isteach maidirle coimhlint agus cúrsaí achrannacha a bhainistiú i gcoláistí agus in ionaid.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tugadh tús áite d'úsáid a bhaint as Cleachtas Aisiríoch a thabhairt isteach mar chur chuige scoile iomláine agus tá barr feabhais curtha, dá bharr, ar fholláine phobal na scoile. Rinne Coláiste Sheilsceire agus Coláiste na Craobhaí dul chun cinn breise in 2018. Tá na céimeanna pleanála bainte amach ag Coláiste Abbáin, agus chuir an fhoireann tacaíochta Oideachais tacaíocht straitéiseach ar fáil. - Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar Choiste Stiúrtha Chomhpháirtíocht Chleachtas Aisiríoch Loch Garman. - Chuir an fhoireann tacaíochta oideachais ceardlann ar siúl ar Chleachtais Aisiríocha sa chomhthéacs iar-bhunscoile ar leibhéal pobail, agus do chomhaltaí foirne BOO Thiobraid Árann ag a gcomhdháil Ógtheagmhála. - Rinne an roinn AD an úsáid a bhaintear as idirghabháil agus déileáil le coimhlintí agus saincheisteanna go himheánach a chur chun cinn. Chuige sin, rinne an fhoireann AD plé a stiúradh le Bainisteoirí chlár an SDOG, agus le Príomhoidí ag cruinnithe Príomhoidí maidir leis an ngá atá le coimhlint a réiteach ar an leibhéal is ísle, sa chás gur féidir.
<p>1.2.8</p>	<p>Comhionannas deiseanna, taithí agus torthaí a chinntiú d'fhoghlaimoirí le riachtanais bhreise foghlama, riachtanais speisialta oideachasúla nó míchumais, ionas go bhféadann siad leas a bhaint as an réimse iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna a chuireann BOOPLG ar fáil.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh tacaíocht leanúnach ar tairiscint do Chomhordaitheoirí RSO fad a bhí na Treoirlínte nua d'Iar-Bhunscoileanna – Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i Scoileanna Príomhshrutha – á dtabhairt isteach.
<p>1.2.9</p>	<p>An fhoireann a spreagadh chun cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh lena chinntiú go sásaítear cearta an duine agus riachtanais chomhionannais na bhfoghlaimoirí.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Thug Oifigigh Óige faoi sheisiúin ghrúpa fócais cheart daonna agus chomhionannais in 2018 le hionchur ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC).

Tosaíocht Straitéiseach 1.3: Soláthar ar cháilíocht dhearbhaithe le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe ag foghlaimeoirí

	Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
1.3.1	<p>Leanúint le tacú le coláistí agus le hionaid ina n-iarrachtaí chun cleachtas an-éifeachtach a fhorbairt agus úsáid á baint as Tuarascálacha ar Chigireacht agus Tuarascálacha Féinmheastóireachta Scoile, i gcomharle 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016'.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Chuir scoileanna nuashonruithe ar fáil don Bhord ar aon tuarascálacha cigireachta. Rinne an fhoireann Stiúrthóirí Scoileanna agus Oideachais athbhreithniú ar gach ceann de na tuarascálacha siúd agus chuir siad tacaíocht ar fáil nuair ba ghá. - Chas Bord Ógtheagmhála ar a chéile chun meastóireacht a dhéanamh ar na tuarascálacha cigireachta a fuarthas ó thrí ionad. Forbraíodh pleananna um chur i bhfeidhm mar fhreagairt do thorthaí agus moltaí ó na tuarascálacha. Tá monatóireacht ar dhul chun cinn ar pleananna um chur i bhfeidhm ar bun go leanúnach.
1.3.4	<p>Aonad Dearbhaithe Cáilíochta BOOPLLG a fhorbairt chun tacú le forbairt cúrsaí, nuálaíocht, anailísíocht sonraí agus dearbhú cáilíochta ar fud BOOPLLG. I gcomharle Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI): Tuarascáil Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin (ESER) agus Plean Feabhsaithe Cáilíochta (QIP) a ullmhú a thacóidh le Bord Rialachais um Dearbhú Cáilíochta do BOOPLLG a fhorbairt. Oibriú le comhlachtaí creidiúnaithe eile ar nós City & Guilds, Cidesco, Red Seal, srl. chun deiseanna nuálacha foghlama a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Rinneadh struchtúir nua um Dhearbhú Cáilíochta a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm. Cuirfidh na struchtúir nua seo feabhas ar ár gcumas dearbhú a thabhairt d'fhoghlaimeoirí go mbaineann na dámhachtainí go léirí an caighdeán is airde amach. - Tugadh feidhm anailísíochta sonraí isteach in 2018 i leith Dearbhú Cáilíochta BOO. Rinneadh an fheidhm seo a fhairsingiú le pleananna oideachais agus oiliúna áitiúil a chur san áireamh do Bhun Clóidí agus anailís a dhéanamh ar thorthaí DCCÉ.

Tosaíocht Straitéiseach 1.4: Naisc a chur chun cinn agus a bhunú idir oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil

	Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
1.4.1	Plean Oibre don Ógra a fhorbairt agus a churi bhfeidhm trí phróifíl chuimsitheach riachtanais don ógra a churle chéile agus trí struchtúr a fhorbairt maidirle soláthar comhtháite na seirbhísí oibre don ógra a sheachadadh.	- In 2018, bhí baint ag BOOPLLG i dtástáil a dhéanamh ar roinnt Uirlisí píolótacha APNASR don RLGÓ. Úsáideadh torthaí an phróisis seo chun eolas a sholáthar d'fhorbairt na hUirlise APNASR a thabhairt isteach in 2019.
1.4.2	Tacú le soláthar seirbhísí eile sna réimsí is mó gá, ina bhfuil seirbhísí teoranta ann faoin láthair.	- D'fhorbair BOOPLLG an chéad Phlean Ceantair Áitiúil. Ba é an limistéar a roghnaíodh don phlean baile Bhun Clóidí. Leag seo an bonn faoin anailís a rinneadh ar sholáthar oideachais agus oiliúna sa cheantar agus lena chinntiú gur fhreastail an soláthar ar riachtanais an cheantair.
1.4.4	Leanúint le naisc a fhorbairt idir ár gcoláistí agus ionaid agus Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, agus an t-ionad nua atá beartaithe ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman.	- Forbraíodh saoráid nua Oideachais agus Oiliúna allamuigh atá bunaithe i mBun Clóidí, a reáchtálann IOOA Shíol Beagáin. Tá an tIonad seo nasctha le seirbhísí eile BOOPLLG a reáchtáiltear trí IBOO Bhun Clóidí agus inár n-iarbhunscoileanna.
1.4.5	Oibriú go gníomhach lena chinntiú go mbíonn tionchar bunathraitheach ag Music Generation Loch Garman agus Music Generation Phort Láirge ar shaol leanaí sa phobal agus go leabaítear cláir thaibhithe ceoil i gcoláistí agus ionaid BOOPLLG.	<ul style="list-style-type: none"> - I ndiaidh próiseas rathúil iarratais do BOOPLLG Phort Láirge agus Loch Garman araon, fuair an dá chontae cistiú chun clár Ghlúin an Cheoil a thabhairt isteach. Earcaíodh Comhordaitheoirí Forbartha Ceoil faoi thráth luath in 2018 agus forbraíodh na chéad chláir - idir chláir Scoile agus Phobail. - I measc na samplaí de thionscnaimh a rinneadh in 2018 i Loch Garman bhí an méid seo a leanas: Clár Amhránaíochta, 6-12 bhliain d'aois, i mbunscoileanna; Comhpháirtíocht le banna ceolchoirme HFC i Loch Garman agus Blas-Seisiún Tosaigh i Meán Fómhair; Clár Píolótach Ceoil Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh Ógánaigh (CAMHS), lenar áiríodh Ceardlanna Scríofa Amhrán; Comhpháirtíocht le Stiúideonna Taifeadta Orchard agus Laura Hyland, chun Clár Forbartha agus Taifeadta Ceoil a fhorbairt do dhaoine óga. - Áiríodh leis na samplaí de thionscnaimh a rinneadh i bPort Láirge an méid seo a leanas: Clár Rochtana ar Cheol Taibhithe ar leibhéal bunscoile; Comhpháirtíocht le hIonad Subla Ógtheagmháil Dhún Garbhán agus Ógtheagmhála Chathair Phort Láirge ar cheardlanna liricí, rap agus rithime; Campa Gutha 3 lá do Dhéagóirí, faoi stiúir Gemma Sugrue le Gemma Sugrue le Voiceworks i gCorcaigh; campa amhránaíochta samhraidh 3 lá agus raon cultúrtha 'Summer Sing Out', comhpháirtíocht le SprÓg; clár píolótach giotáir Ógtheagmhála.

SPRIOC STRAITÉISEACH 2

Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt: Bainfear é sin amach trína chinntiú go gcuirimid na tacaíochtaí is airde cáilíochta ceannaireachta, feidhmiúcháin agus riaracháin ar fáil d'fhórsa oibre spreagtha agus oilte, rud a chuirfidh taithí múinteoireachta agus foghlama ardchaighdeáin ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus do dhaltaí.

Tosaíocht Straitéiseach 2.1: Leasú agus forbairt leanúnach ar struchtúr agus dearadh eagrúcháin		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
2.1.1	<p>I ndiaidh an athstruchtúraithe ar fheidhm na seirbhísí tacaíochta feidhmiúcháin ar fud na gceithre eagraíocht chónasctha, oibriú chun an struchtúrreatha a chomhdhlúthú leis an bhfoireann iróil bhua formheasta, ar feitheamh an dearaidh athbhreithnithe eagraíochta formheasta ag an ROS.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tugadh faoi thionscnamh oiliúna agus forbartha i measc na foirne go léir i measc na n-aonad athstruchtúraithe chun tacú leis na foirne nuachruthaithe agus oibriú trasfheidhme a spreagadh. Eagraíodh seimineáir idirghabhála, chomh maith, don fhoireann in aonaid athstruchtúraithe. - Cuireadh seimineáir faisnéise ar fáil maidir le struchtúr nua AD do Phríomhoidí agus Bainisteoirí ag cruinnithe an SDOG, ag cruinnithe an Fhórait BOO agus cruinnithe fhoireann bhainistíochta BOO.
2.1.4	<p>'Anailís ar Riachtanais Scileanna' a dhéanamh le haghaidh feidhmeanna in eagraíocht oideachais agus oiliúna atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm, agus plean le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) agus forbairt acmhainne a fhorbairt.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh tús le hanailís mhionsonraithe ar riachtanais tacaíochta riaracháin BOO in 2018 agus tá sé le críochnú in 2019.
2.1.5	<p>Struchtúr comhordaithe le haghaidh Breisoideachais agus Oiliúna (FET), agus Plean Oibriúcháin lena mbaineann, a fhorbairt, a thacóidh le comhtháthú feidhmeanna FET BOOPLLG, bunaithe ar chur chuige 'foirne' i leith seachadadh clár agus feabhsú leanúnach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Rinneadh struchtúr nua BOO a dhearadh agus a chur i bhfeidhm in 2018. Cuireann an struchtúr cur chuige comhtháite ar fáil i leith soláthar agus bainistíocht cláir BOO.

Tosaíocht Straitéiseach 2.2: Gach samhail chistithe agus íocaíochta a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtach		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
2.2.1	<p>Córais nua bogearraí cuntasáíochta a fhorbairt agus bainisteoirí agus an fhoireann a oiliúint go cuí, chun tuairisciú agus bainistiú airgeadais agus buiséadú do choláistí a fheabhsú. Tús áite a thabhairt d'fhorfheidhmiú luath na gcóras íocaíochta arlíne agus na n-uathphróisis ar nós párolla páirtaimseartha agus íocaíochtaí taistil/cothaithe.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tugadh córas P2P isteach i mBealtaine 2018 d'íocaíochtaí creidiúnaithe a chuireann ar chumas buiséid mhionsonraithe airgid thirim a tháirgeadh do scoileanna agus ionaid BOO. - Tugadh córas SUN isteach le haghaidh íocaíochtaí taistil ó Nollaig 2018 chun an líon córais airgeadais atá n-úsáid a chuíchóiriú.
2.2.2	<p>Samhail chistithe a fhorbairt do FET atá ag teacht le riachtanais chistithe SOLAS agus a thugann go leor acmhainní do chlár. Ar an gcaoi sin, sásaítear riachtanais foghlaimoírí agus cuirtear tuairisciú buiséadaithe agus bainistithe feabhsaithe ar fáil do FET.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh tuarascálacha airgeadais nua le chéile a chuireann ar chumas anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar chaitheamh ar BOO ar bhonn clár ar chlár chun tacú le próiseas tairisceana buiséid FAR.
2.2.3	<p>Buiséadú comhtháite láraithe a bhaint amach maidirle gach clár airgeadais.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tuarascálacha nua 'lárnacha' bunaithe in Excel curtha le chéile do scoileanna a chumasaíonn buiséid a iniúchadh ar leibhéal idirbhirt. - Socraíodh Seisiúin Oiliúna Airgeadais do Phríomhoidí Coláiste a mhíníonn deontais atá ar fail agus tuarascálacha nua buiséid.

Tosaíocht Straitéiseach 2.3:		
Forbairt leanúnach beartais agus ardchaighdeán rialachais agus comhlíonta		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
2.3.1	Leanúint le tús áite a thabhairt d'fhorfheidhmiú an rialachais láidir ar fud na heagraíochta chun comhlíonadh imlitir 18/15 de chuid na ROS a bhaint amach (Cód Cleachtais um Rialachas na BOOanna) agus chun riachtanais iniúchta agus tuairiscithe a shásamh (C&AG, iniúchadh inmheánach srl.).	<ul style="list-style-type: none"> - Ar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin Acht BOO, thug BOOPLLG faoi phróiseas iomlán comhairliúcháin agus d'fhorbair sé a Ráiteas Straitéise in 2018. Cuimsíonn sé an tréimhse ó 2018 go 2022. - Ar aon dul leis an athstruchtúru riaracháin a thit amach in 2017, tugadh tús áite san fhoireann nuachruthaithe rialachais agus comhlíonta (ceannaire foirne ghrád VII) don Chód Cleachtais chun BOOanna a Rialú a chur i bhfeidhm chun ardleibhéil chomhlíonta a bhaint amach don eagraíocht. - Forbraíodh agus nuashonraíodh roinnt beartas in 2018 agus d'fhaomh an Bord iad. Is iad seo: Beartas fáilteachais agus Bronntanas; Beartas um Dhiúscairt Sócmhainní Seasta; Beartas um Chosc ar Bhulaíocht agus an nós imeachta d'fhoireann BOO chun gearán a dhéanamh; Beartas Soláthair; Beartas Meán Sóisialta; Beartas Taistil agus Cothabhála don fhoireann; Beartas Cisteáin; Beartas um Chosaint Sonraí; Beartas CCTV; Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach. - Thosaigh aonad AD BOOPLLG an obair chun Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibríocháin a dhoiciméadú do na próisis oibríochtúla laistigh den aonad.
2.3.2	Oibreoidh an feidhmeannas le Cathaoirleach BOOPLLG lena chinntiú go mbíonn a ndóthain oiliúna, eolais agus doiciméadaithe ag comhaltaí boird BOOPLLG agus ag na coistí ar fad atá aige chun cinntí feidhme forchoimeáda eolacha a dhéanamh.	<ul style="list-style-type: none"> - D'oibrigh Feidhmeannach agus Cathaoirleach BOOPLLG go dlúth le chéile lena chinntiú go bhfuil cruinnithe Boird táirgiúil agus go gcuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil do na comhaltaí Boird chun cabhrú leo cinntí a dhéanamh.
2.3.3	Plean soláthair, bunachar sonraí conarthaí bainteach don eagraíocht agus córas struchtúrtha bainistíochta conartha a bhunú agus a churi bhfeidhm chun luach ar airgead agus comhlíonadh le treoirlínte soláthair náisiúnta a chinntiú.	<ul style="list-style-type: none"> - D'oibrigh foireann Soláthair BOOPLLG go dlúth le BOOÉ chun teimpléid a bhunú do gach BOO lena éascú teimpléad de phlean Soláthair a chruthú i ráithe 2 2019.

Tosaíocht Straitéiseach 2.4:		
Struchtúir éifeachtacha bainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
2.4.1	<p>Cultúr bainistíochta riosca a leabú san eagraíocht agus Foireann Bainistíochta Riosca a bhunú atá freagrach as Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus tionscnaimh oiliúna bainistíochta riosca a fhorbairt, agus as Clár Riosca corparáideacha, na gcoláistí agus FET a bhainistiú agus tuairisciú dóibh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Rinneadh athbhreithniú ar Chláir Rioscaí ag Cruinniú Foireann Bhainistíochta BOO agus ag cruinnithe Príomhoidí (Scoileanna) agus cruinnithe Foireann Bhainistíochta Sinsearaí. - Buanmhír ar an gclár é Bainistíocht Riosca ag cruinnithe na Foirne Bainistíochta Sinsearaí.
2.4.2	<p>Comhaontaithe agus/nó Meamram Leibhéal Seirbhíse a fhorbairt i dtaobh Tuisceana bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus riachtanais áitiúla le gníomhaireachtaí eachtracha lena bhfuilimid gafa leo ó thaobh airgid de agus ó thaobh straitéise de.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tá Comhaontuithe Seirbhíse i bhfeidhm le gach ceann de na tionscadail faoi stiúir na foirne san obair don ógra. - Tá Meabhráin Tuisceana maidir le dul chun cinn foghlaimeoirí i bhfeidhm le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach araon.
2.4.3	<p>Plean Sláinte agus Sábháilteachta éifeachtach a chur i bhfeidhm don eagraíocht, agus páirt a ghlacadh lenár gcomhghleacaithe agus lenár n-ionaid, agus lenárlucht árachais, chun íoslaghdú a dhéanamh ar riosca d'úsáideoirí, do chonraitheoirí agus do chustaiméirí ár n-eagraíocht. Tosaíocht a thabhairt do bhainisteoirí sna haicmí meabhraíochta agus saineolais sláinte agus sábháilteachta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Bunaíodh Aonad Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa BOO faoi Bhainisteoir Cúnta Oiliúna chun tacaíocht a sholáthar d'ionaid BOO.

Tosaíocht Straitéiseach 2.5: Bonneagar agus foirgnimh: Pleanáil le haghaidh riachtanais reatha agus riachtanais na Todhchaí		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
2.5.1	<p>Foirgnimh scoile nua de chaighdeán ard agus/nó síntí móra a sholáthar do Choláiste Sheilscire, do Choláiste Breisoideachais Phort Láirge, do Choláiste Bhaile an Droichid, do Ghairmscoil Bhun Clóidí, do Choláiste Pobail Naomh Póil, do Choláiste Pobail Naomh Declan, do Mheánscoil San Nioclás agus do Choláiste Chathail Naofa chun riachtanais oideachais nua-aimseartha a shásamh.</p>	<p>- Cuireadh obair chun cinn ar na tionscadail go léir seo agus bhí cinntí ar feitheamh maidir le cinntí/faomhadh ón ROS maidir le Bun Clóidí, Baile an Droichid, Naomh Déaglán, Meánscoil Naomh Pól agus Coláiste Dhún Garbhán in 2019.</p>
2.5.2	<p>Pleananna sonracha le bheith forbartha chun beart reatha agus molta a shonrú le haghaidh réimse Clár Breisoideachais agus Oiliúna, le forbairt ionad Ógtheagmhála do Ghuaire agus áiseanna nua ilphictiúr lainne i mBaile Loch Garman, i gCathair Phort Láirge agus in Inis Córthaidh san áireamh.</p>	<p>- Cuireadh pleananna chun cinn ar Ionad Ógtheagmhála a fhorbairt do Ghuaire, saoráidí nua ilphléacsacha i mBaile Loch Garman, Cathair Phort Láirge agus Inis Córthaidh. Fuarthas cead chun léiriú spéise a lorg do na trí shaoráid ilphléacsacha ón DES. Rinneadh measúnú ar na torthaí agus cuireadh tús le plé leis an rogha tairgeoirí.</p>
2.5.4	<p>Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh nua a fhorbairt i Sliabh Fhothart, i gCarraig an Phoill, i Loch Garman i dteannta le Comhairle Contae Loch Garman.</p>	<p>- Cuireadh staidéar mionsonraithe indéantachta faoi bhráid an ROS lena fhaomhadh. Baineadh comhaontú i bprionsabal amach le Comhairle Contae Loch Garman faoi réir an fhaofa thuas.</p>
2.5.5	<p>Oibriú le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) chun feidhmíocht fuinnimh BOOPLG a fheabhsú mar thacaíocht do straitéis éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí. Tosaíocht a thabhairt d'aistriú chuig timpeallacht gan páipéar.</p>	<p>- Bailíodh sonraí do thuarascáil an SEAI ar leictreachas, ola agus gás do gach ceann dár bhfoirgnimh agus iontráladh é ar láithreán an SEAI.</p>

AIDHM STRAITÉISEACH 3

Ár ndaoine ag obair le chéile: *Timpeallacht dhearfach oibre a chruthú ina gcuireann foireann dheacháilithe a n-uaschumas chun leas na ndaltaí agus na bhfoghlaimoirí le haird chúí ar luachanna BOOPLLG. Tá sé seo bunaithe ar chultúr comhionannais, measa agus dínite sa láthair oibre, forbairt ghairmiúil leanúnach, meon ‘is féidir linn’ agus a bheith oscailte do agus a meas a thaispeáint ar thuismitheoirí/caomhnóirí agus páirtithe seachtracha comhoibríocha.*

Tosaíocht Straitéiseach 3.1: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach		
Gníomhartha Straitéiseacha		Torthaí 2018
3.1.1	Polasaí FGL a fhorbairt don eagraíocht a thugann tacaíocht d’fhorbairt ghairmiúil na foirne ginearálta, a thugann tosaíocht d’aicmí leis an riachtanas is mó ann agus a áiríonn teimpléad do phleananna oiliúna aonair.	<ul style="list-style-type: none"> - Bunaíodh Aonad tiomnaithe Forbartha Gairmiúla laistigh dár rannóg Breisoideachais agus Oiliúna in 2018. Tacaíonn an tAonad le deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a sholáthar d’fhoireann BOOPLLG, atá bunriachtanach chun scileanna agus inniúlachtaí gairmiúla a chothú agus a fheabhsú laistigh dár n-acmhainní foirne.
3.1.2	Tosaíocht a thabhairt do dheiseanna forbartha gairmiúla na foirne a bhfuil ról cheannasaíochta agus/nó poist chúraim laistigh den eagraíocht acu. Tacaíocht a thabhairt agus forbairt a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-oibreoidh an fhoireann le líonraí náisiúnta BOOÉ le haghaidh forbairt ghairmiúil.	<ul style="list-style-type: none"> - Chuir an Stiúrthóir Scoileanna oiliúint ar Phríomhoidí agus Leas-Phríomhoidí ar cheannaireacht oideachais, ar aon dul le litir chiorcláin agus <i>Súil a Chaitheamh ar ár Scoileanna – Creat Cáilíochta</i> (‘Looking at our Schools – A Quality Framework’) (2016) - Forbraíodh féilire bliantúil de dheiseanna forbartha gairmiúla agus déantar é a nuashonrú go rialta agus a eisiúint don fhoireann BOO go léir. - Cuirtear an fhoireann oibre don ógra ar an eolas go rialta ar dheiseanna FGL. - Thug an fhoireann faoi Fhóram Soláthair BOOÉ, fóram TF, Grúpa Oibre SF/um Chosaint Sonraí, Grúpa Bainisteoirí Seirbhísí Corparáideacha. Baineann rithábacht leis na grúpaí seo don fhoireann lena chinntiú go bhfuil saineolas á roinnt acu agus go leanann siad ag foghlaim laistigh dá ról. - Tá beirt chomhaltaí foirne ag tabhairt faoi Dheimhniú faoi láthair i mbainistíocht Soláthair a éascaítear trí BOOÉ agus UCC. - Thug an fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí faoi oiliúint ar Scileanna Meán. - Thug an fhoireann riaracháin go léir faoi oiliúint agus forbairt i measc Airgeadais, AD agus Seirbhísí Corparáideacha mar an gcéad chéim de neartú na foirniúlachta agus d’oiliúint ar bhainistíocht eagraíochta.
3.1.5	Clár oiliúna agus breisoiliúna comhtháite BOO-uile a fhorbairt don fhoireann uile, a mbeidh oiliúint sholúbtha san áireamh ann a chuireann cosáin dhul chun cinn ar fáil do rannpháirtithe ag leibhéal chúí, lena n-áirítear teastas QQI agus áilíochtaí proifisiúnta. Úsáid gréasáin/fóraim a fhorbairt chun eolas a chomhroinnt, réiteach a fháil ar fhadhbanna agus acmhainní a chomhroinnt.	<ul style="list-style-type: none"> - Féach 3.1.2

3.1.6	Fóram Malartaithe Eolais débhlantúil a fhorbairt d'oibrithe deonacha túslíne agus d'Oibrithe don Ógra díolta chun an cleachtas is fearr a roinnt.	- Thit dhá chruinniú amach le bainisteoirí na 13 thionscadal faoi stiúir na foirne. Bhí an dá chruinniú in ainm faisnéis a sholáthar do thionscadail anuas ar phlé a éascú ar shaincheisteanna a bhaineann le hobair don ógra.
3.1.7	Cumas a fhorbairt i measc ár bhfoireann chun scileanna tábhachtacha an 21ú haois a bheith san áireamh, le fiontraíocht, le foghlaim ar feadh an tsaoil, le scileanna digiteacha agus le comhoibriú ina measc.	- Tá Ríomhfhoghlaim a fhorbairt sna scoileanna agus ionaid á éascú ag an rannóg TF ar aon dul leis an straitéis foghlama digití agus an straitéis FCT.
3.1.8	Meabhraíocht i dtaobh ár gcuid croíluachanna maidirle hobairlaethúil ár bhfoirne a chur chun cinn agus mórtas láidir a shaothrú san eagraíocht i measc ár bhfoireann agus i measc pobail foghlama níos leithne.	- Cuireadh ceardlanna 'luacha' ar siúl le comhordaitheoirí agus Bainisteoirí BOO chun luachanna BOOPLG a neartú.

Tosaíocht Straitéiseach 3.2:		
Éascú a dhéanamh ar earcaíocht agus ar choinneáil foirne de chaighdeán ard		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
3.2.1	Athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis earcaíochta uile agus córais agus próisis chúil a fhorbairt chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil siad ag freastal ar riachtanais BOOPLG (m.sh. earcaíocht ar-líne, fógraíocht poist in am).	- Tá foireann nua-cheaptha earcaíochta i bhfeidhm.
3.2.4	Straitéisí le haghaidh múinteoirí a fhoinsiú agus a earcú i margadh oibre le hiomaíocht mhéadaithe ann a chomhaontú agus comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí san áireamh. Deimhin a dhéanamh de go bhfuil cumas agus solúbthacht ag an bhfoireann earcaithe chun tascanna a bhaint amach sa láthair oibre nua-aimseartha (m.sh. scileanna TF, tras-scileanna) agus go mbeidh meas ag an bhfoireann earcaithe arluachanna BOOPLG atá aibhsithe sa Ráiteas Straitéise seo.	- Cuireadh cruinnithe pleanála ar siúl le gach Príomhoide chun clár earcaíochta samhraidh a phleanáil. Rinneadh anailís ar riachtanais gach Scoile le Príomhoidí lena chinntiú go ndírítear ar na tacair sainscileanna chúil do gach ról. - Fógraíodh ról a luaite agus is féidir sa samhradh. - Leantar le súil a chaitheamh i dtreo straitéis náisiúnta chun déileáil le ganntanas múinteoirí i roinnt ábhar – cuireadh BOOÉ/an Roinn Oideachais ar an aird air seo. - Cuireadh clár ionduchtúcháin Ghlúin an Cheoil ar siúl don fhoireann teagaisc nua ceoil i Lúnasa 2018.

Tosaíocht Straitéiseach 3.3: Cultúr sláinte agus leasa a chur chun cinn i measc na foirne

Gníomhartha Straitéiseacha		Torthaí 2018
3.3.1	Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr sláinte agus leasa sa láthair oibre a churi bhfeidhm. Moladh agus tacaíocht ghníomhach a thabhairt don fhoireann uile maidir leis seo. Oibriú chun a chinntiú go gcabhraíonn an timpeallacht fhisiceach le leas sa láthair oibre.	<ul style="list-style-type: none"> - Mar chuid den tseachtain FGL do CRSanna i Meitheamh, cuireadh lá Folláine agus Féinchúraim ar siúl. - Caidreamh sláintiúil idir an saol sa teaghlach, obair agus folláine foirne, a chur chun cinn. - Cuireadh Clár Folláine Foirne ar siúl in oifigí Riaracháin i rith 2018.
3.3.2	Deiseanna a chur chun cinn don fhoireann uile úsáid a bhaint as seirbhísí comhairleoireachta maris cuí chun cabhrú leo déileáil le fadhbanna deacra sa láthair oibre.	<ul style="list-style-type: none"> - Cuireadh an fhoireann go léir ar an eolas ar an Scéim Cúnaimh Fostaí a chuireann a mhéid le 6 sheisiún comhairleoireachta ar fáil do gach comhalta foirne. Cuireadh comhairleoireacht bhreise ar fáil, faoi mar a theastaíonn.
3.3.4	Deimhin a dhéanamh de go bhfuil cláir phleanála bhliantúla na tréimhse scoir ar fáil don fhoireann agus go bhfuil aitheantas tugtha don fhoireann ina dtréimhse i dtaobh seirbhíse san eagraíocht.	<ul style="list-style-type: none"> - Mar chuid den chlár pleanála scoir bliantúil, cuireadh seisiún lón pleanála airgeadais ar siúl sna trí oifig riaracháin. - Forbraíodh próiseas nua chun rannchuidiú foirne leis an eagraíocht a aithint, sa chás go dtéann siad ar scor. Cuireadh lón scoir ar siúl i Nollaig 2018 agus bronnadh bronntanas agus grianghraf ar gach duine a bhí ag dul ar scor agus thug an PF/an Bainisteoir óráid faoi gach duine a bhí ag dul ar scor ag an lón scoir. I ndiaidh scoir, tá litir bhuíochais scríofa ag an PF, chomh maith, do gach duine a chuaigh ar scor.
3.3.5	Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a ghlacadh chun forbairt foirne a chur chun cinn i dteannta le meabhraíocht tras-eagraíochta ag gach leibhéal trasna na heagraíochta (m.sh. Ceolchoirm Daltaí agus Foirne 'In Harmony', Comórtas Lúthchleasaíochta BOOPLLG).	<ul style="list-style-type: none"> - Rinne BOOPLLG taispeántas trascholáiste a léiriú – <i>In Harmony</i> – an tÁras Náisiúnta Ceoldrámaíochta i Márta 2018. Rinne breis agus 400 dalta agus breis agus 130 ball foirne ionadaíocht do 12 choláiste iar-bhunscoile. - Cuireadh roinnt laethanta neartú na foirniúlachta ar siúl don Fhoireann Ghnóthaí Oibre don Óga in 2018, chun cabhrú le tionscadail nua agus SCIB a thabhairt isteach in 2019.

AIDHM STRAITÉISEACH 4

Comhpháirtíochtaí agus comhoibríthe buana a chothú agus a fhorbairt trí bheith ionadaithe ar chomhlachtaí reachtúla ábhartha, gníomhaireachtaí, leasa gnó, ceardchumann, ar ghrúpaí pobail agus san earnáil dheonach, agus oibriú ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chuige sin.

Tosaíocht Straitéiseach 4.1: Líonrú straitéiseach leanúnach agus feabhsaithe

Gníomhartha Straitéiseacha		Torthaí 2018
4.1.1	Prótacail a fhorbairt chun gabháil le ranna agus le gníomhaireachtaí rialtais, le húdarais áitiúla, le heagraíochtaí fostóra agus fostaí ionadacha, le ceardchumann agus le páirtithe leasmhara eile.	<ul style="list-style-type: none">- Déantar ionadaíocht do Scoileanna/Choláistí ar Choiste Oideachais Loch Garman, tionscnamh oideachais atá faoi stiúir Fhorbairt Áitiúil Loch Garman.- Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar Choiste Stiúrtha Chomhpháirtíocht Chleachtas Aisiríoch Loch Garman.- Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar Ghrúpa Oibre Oideachais de chuid na gCoistí Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ).
4.1.2	Foireann agus/nó baill a ainmniú maris cuí chun ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíochtaí seachtracha agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil gnáthamh tuairiscithe cuí ar bun.	<ul style="list-style-type: none">- Forbraíodh bunachar sonraí de rannpháirtíocht foirne BOO BOOPLG i gcomhlachtaí seachtracha.- Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar struchtúir áitiúla trí rannpháirtíocht a Oifigeach Óige ar struchtúir áitiúla, ar nós an CSLDÓ, Ceangal don Saol, agus Chomhairle na nÓg.
4.1.3	Deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach comhaontas go dtéann an fhoireann isteach ann ar son BOOPLG le gníomhaireachtaí seachtracha comhaontaithe roimh ré leis an Ardbhainistíocht.	<ul style="list-style-type: none">- Rinneadh próiseas a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfaomhann an Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí, nó na comhaltaí den fhoireann sin, gach comhaontú, agus go ndéanann an Bord iad a fhaomhadh agus a chur i gcuntas, faoi mar is cuí.
4.1.4	Doiciméadú údaraithe uile a dheimhniú agus a thaifeadadh a bhaineann le hidirghníomhaíochtaí le gníomhaireachtaí eachtracha i leabharlann lárnach acmhainní.	<ul style="list-style-type: none">- Tá taisclann de cháipéisíocht údaraithe i bhfeidhm. Tugtar cáipéisí údaraithe do cheannaire na foirne Rialachais agus Comhlíonta lena n-uaslódáil chuig an taisclann.

Tosaíocht Straitéiseach 4.2:

Comhoibriú éifeachtach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla

Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
4.2.1 Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le SOLAS, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, leis an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais, le NEPS, le NCSE, chun deimhin a dhéanamh de go n-oibrímid i gcomhréir leis an bpolasaí náisiúnta chun acmhainní a uasmhéadú le haghaidh misean BOOPLG.	<ul style="list-style-type: none"> - Déantar ionadaíocht do Scoileanna/Choláistí ar Choiste Oideachais Loch Garman, atá faoi stiúir Fhorbairt Áitiúil Loch Garman. - Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar Ghrúpa Oibre Oideachais CSLDÓ - Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar an Lónra Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh (Inis Córthaidh agus Bun Clóidí). - Déantar ionadaíocht do BOOPLG ar ghrúpa oibre na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (an SNSO) i gContae Loch Garman a dhéanann scrúdú ar limistéar na luath-idirghabhála do luathfhágóirí scoile. - Tugadh faoi athbhreithniú ar ailíniú an bheartais náisiúnta trí phróiseas FAR2 i bhFómhar 2018. - Fuair an RLGÓ tuarascáil bhliantúil ón Rannóg Gnóthaí Óige.
4.2.2 Comhoibriú i dteannta le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Comhairle Contae Loch Garman, chun deimhin a dhéanamh d'ailíniú áitiúil agus réigiúnach agus de chomhoibriú faoi thosaíochtaí áitiúla faoi shainchúram BOOPLG.	<ul style="list-style-type: none"> - Deantar ionadaíocht do BOOPLG ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil agus ar Chomhpháirtíochtaí Ceantair sa dá chontae. - Tionóladh cruinnithe rialta ar leibhéal sinsearach le hoifigigh na comhairle. - Cothaíonn Oifigigh Óige an nasc leis na Foirne Pobail sa dá Chomhairle.
4.2.3 Comhoibriú le fóraim réigiúnacha chuí chun cabhrú le forbairt leanúnach na hearnála oideachais agus oiliúna (m.sh. Coistí Forbartha an Phobail Áitiúil, Fóram Scileanna Réigiúnacha an Oirdheiscirt, Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Poist).	<ul style="list-style-type: none"> - Glacadh ballraíocht ghníomhach d'Fhóram Scileanna Réigiúnach an Oirdheiscirt (FSRO) agus de choistí Forbartha Pobail Ceantair.
4.2.4 Glacadh le agus uasghrádú a dhéanamh ar institiúidí tríú leibhéal, go háirithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach i gcúrsaí a bhaineann le comh-shuimeanna, le deiseanna dul chun cinn daltaí, le hacmhainní a roinnt agus le réitigh ar easpa múinteoirí in aicmí ábhar áirithe a thaiscéaladh ina measc.	<ul style="list-style-type: none"> - Síníodh Meabhráin Tuisceana le IT Phort Láirge agus IT Cheatharlach. Cuireann na MTanna seo deiseanna feabhsaithe cláir ar fáil dár ndaltaí i gcúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus sa SDOG.

Tosaíocht Straitéiseach 4.3:
Comhoibriú éifeachtach le leasanna pobail agus gnó

	Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
4.3.1	Deiseanna a lorg ar bhonn gníomhach le haghaidh rannpháirtíocht pobail chun BOOPLLG a chur chun cinn mar phatrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta trasna an réigiúin.	<ul style="list-style-type: none"> - Thug BOOPLLG faoi idirbheartaíocht rathúil le hEaglais na hÉireann i Loch Garman i dtaca le dífheistiú phátrúnacht Scoil Náisiúnta Chill na Manach. Déanfar an chéad Scoil Náisiúnta de Chill na Manach faoi choimirce BOOPLLG agus osclófar í i Meán Fómhair 2019. Is ionann seo agus dul chun cinn straitéiseach an-tábhachtach do BOOPLLG, a bhfuil súil aige an méid Scoil Náisiúnta Pobail a mhéadú atá faoina threoir sna blianta amach romhainn. - Ghlac BOOPLLG páirt sa phróiseas Athchumraithe Scoileanna don Éagsúlacht i rith 2018. Tugadh faoi shuirbhé i gCathair Phort Láirge lena dheimhniú an raibh gá ann le scoil il-sainchreidmheach/neamh-shainchreidmheach do leanaí i gCathair Phort Láirge. Tugadh an tuarascáil a d'éascair as chun críche agus foilseoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna í i rith 2019 a luaithe a tugadh an próiseas chun críche timpeall na tíre.
4.3.2	Caidrimh a fhorbairt agus a fheabhsú le bunscoileanna áitiúla.	<ul style="list-style-type: none"> - D'iarr an ROS ar sheirbhísí bainistíochta tionscadal BOOPLLG chun tacú le dhá bhunscoil (Scoil Náisiúnta Ghleann Beagáin, Dún Garbhán agus Scoil Naomh Pól i bPort Láirge) chun sainchomhairleoirí a fháil do thionscadail tógála a thosaigh siad in 2018.
4.3.4	Deiseanna do choláistí tacaíocht a thabhairt dá gcuid bpobal áitiúil a thaiscéaladh trí fhoirgnimh agus áiseanna coláistí a úsáid lasmuigh de ghnáthuaireanta oscailte (m.sh. do chlubanna obair baile, grúpaí tuismitheoirí srl.).	<ul style="list-style-type: none"> - Tá mol déanta de Choláiste Pobail Naomh Pól chun clár cheoil Ghlúin an Cheoil a sholáthar agus thacaigh sé le ranganna a sholáthar trí sholúbthacht uaireanta oscailte agus socrúithe solúbtha leis an bPríomhoide agus an Leas-Phríomhoide sa Choláiste.
4.3.5	Comhoibriú le suimeanna gnó agus le suimeanna tionscal le CGFÉ, le Comhlachais Tráchtála, le FAÉ, le Rotary Alliance, le SICAP, le LEADER, le Seirbhísí don Ógra agus le heagraíochtaí spóirt ina measc chun deimhin a dhéanamh de thábhacht ár gclár oideachais agus oiliúna agus deiseanna a sholáthar do dhaltaí agus d'fhoghlaimoirí.	<ul style="list-style-type: none"> - Cruthaíodh ár Seirbhís Nua don Aonad Gnó chun ceannas a ghlacadh ar ár n-idirchaidreamh le leasanna fiontraíochta agus tionscail. Tacaíonn Clár Náisiúnta Scileanna chun Dul chun Cinn ('Skills to Advance') a thabhairt isteach leis seo.
4.3.6	Dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le leasanna gnó agus le tionscail chun clár bhreisoiliúna chúí a aithint agus a sholáthar do bhaill reatha an fhórsa oibre.	<ul style="list-style-type: none"> - Tugadh an Clár nua Scileanna chun Dul chun Cinn isteach i measc fostóirí. - Osclaíodh Saoráid Oiliúna i bhfoirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh in Inis Córthaidh chun oiliúint a sholáthar ar cheirdeanna i dteicnící tógála foirgneamh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh. Ba thionscadal tábhachtach straitéiseach é seo do BOOPLLG.

AIDHM STRAITÉISEACH 5

Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt. Bainfear é sin amach trí straitéis shoiléir a chur ar fáil, le tacaíocht ó Fhoireann Chumarsáide tiomanta, ó acmhainní cuí agus ó fheasacht ar bhranda BOOPLLG a fhorbairt.

Tosaíocht Straitéiseach 5.1:		
Eolas dírithe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar in am		
Gníomhartha Straitéiseacha		Torthaí 2018
5.1.1	Forfheidhmiú a dhéanamh ar struchtúr cumarsáide le grúpa stiúrtha agus comhordaitheoir cumarsáide san áireamh a thabharfaidh tacaíocht don straitéis cumarsáide.	- Bhunaigh BOOPLLG Grúpa Stiúrtha Cumarsáide agus Grúpa Oibre Cumarsáide. I measc na foirne sa Ghrúpa Oibre Cumarsáide, tá baill den fhoireann Seirbhísí Corparáideacha.
5.1.3	Plean Cumarsáide Bliantúil a fhorbairt atá nasctha leis na cuspóirí straitéiseacha.	- Forbraíodh Plean Cumarsáide 2018-19.
5.1.4	Meicníochtaí a fhorbairt chun cuireadh agus freagra a thabhairt ar aiseolas ó fhoghlaimoirí, ón bhfoireann agus ó pháirtithe leasmhara seachtracha.	- Úsáideadh suirbhéanna agus seisiúin ghrúpa fócais chun aiseolas a lorg ón bhfoireann, páirtithe leasmhara seachtracha agus foghlaimoirí. Léiríodh é seo le déanaí nuair a bhí ár bpróiseas pleanála á fhorbairt do Phlean Straitéiseach 2018-2022. B'éard a bhain leis seo ná an-chuid comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a d'úsáid réimse modhanna, aiseolas a bhailiú ina measc trí shuirbhéanna gan ainm. - Tugadh faoi shuirbhéanna le Bunscoileanna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman lena shainiú má agus conas ba mhaith leo idirchaidreamh a dhéanamh le clár Ghlúin an Cheoil go háitiúil. - Rinneadh suirbhé ar an bhfoireann a ghlac páirt in imeachtaí débhlantúla foirne a cuireadh ar siúl in Aibreán agus Samhain 2018 chun a n-aiseolas gan ainm a bhailiú a chuir eolas ar fáil don phróiseas pleanála d'imeachtaí líonraithe agus roinnte faisnéise den chineál seo amach anseo.
5.1.6	Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí cuí agus nuálacha, meáin shóisialta san áireamh, le haghaidh cumarsáid éifeachtach thapa.	- Úsáidtear Facebook, Twitter agus Instagram go héifeachtach chun cumarsáid go himmheánach agus go seachtrach a dhéanamh le páirtithe leasmhara. - Eisíodh trí nuachtlitir do chomhaltaí foirne i gcaitheamh na bliana, agus lorgaíodh ionchur ón bhfoireann ón bhfoireann i measc na seirbhísí éagsúla san eagraíocht. Cuireadh cóip de na nuachtlitreacha ar láithreán gréasáin BOOPLLG.

Tosaíocht Straitéiseach 5.2:		
Meicníochtaí cumarsáide inmheánacha níos éifeachtaí a fhorbairt		
	Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018
5.2.4	Deiseanna a fhorbairt le haghaidh cumarsáid aghaidh ar aghaidh níos minice idir foireann fheidhmeannach agus príomhoidí/bainisteoirí sinsiri gcoláistí agus in ionaid.	<ul style="list-style-type: none"> - Chuir foirne Airgeadais, AD agus Seirbhísí Corparáideacha cruinnithe aonair ar bun go rialta le Scoileanna agus Ionaid ar mhaithe le comhairliúchán agus faisnéis. - Rinneadh cruinnithe rialta Acmhainní Daonna a sceidealú leis an SDOG, Fóram BOO/Oifigigh Oideachais d'Aosaigh, Bainisteoirí Aonaid. Déanann an struchtúr nua AD na cruinnithe seo a stiúradh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh agus is féidir leis an bhfoireann san eagraíocht an príomhtheagmhálaí a shainaitheint, dá bharr, do gach gné de AD in BOOPLLG. - Freastalaíonn Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Airgeadas go rialta ar chruinnithe Príomhoidí. Tugtar cuireadh do phríomhoidí chun míreanna ar chlár cruinnithe a sheoladh ar aghaidh agus freastalaíonn an fhoireann faoi mar a theastaíonn chun freagairt do cheisteanna nó chun cuir i láthair a sholáthar.
5.2.5	Glacadh le braistint pobail láidiri measc na foirne a oibríonn laistigh de BOOPLLG.	<ul style="list-style-type: none"> - Bunaíodh an Fóram BOO do gach Bainisteoir agus Comhordaitheoir BOO, a chasann ar a chéile go ráithiúil chun faisnéis agus eispéiris a roinnt agus chun líonrú a dhéanamh.
5.2.6	Glacadh le tuairim pobail i measc foghlaimeoirí, go háirithe ár bhfoghlaimeoirí fásta atá gafa le grúpaí ranga beaga.	<ul style="list-style-type: none"> - Thacaigh BOOPLLG le Fóram Náisiúnta BOO Foghlaimeoirí AONTAS don Oirdheisceart.
5.2.7	Meicníochtaí a fhorbairt chun daltaí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí a choimeád suas chun dáta le héachta agus le forbairtí laistigh de BOOPLLG.	<ul style="list-style-type: none"> - Rinne BOOPLLG an úsáid a bhaintear as Facebook agus Twitter ina leith seo a mhéadú go mór.

Tosaíocht Straitéiseach 5.3:		
Meicníochtaí cumarsáide seachtracha níos éifeachtaí a fhorbairt		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
5.3.1	<p>Sraith d'ócáidí eolais a eagrú le haghaidh páirtithe leasmhara seachtracha tábhachtacha, leis na meáin, na fostóirí agus foghlaimeoirí ina measc.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Bhí BOOPLG mar chuid den fhoireann eagraithe don Chomhthaispeántas Faisnéise do Chomhlachais Tráchtála in Inis Córthaidh a thit amach i Meitheamh 2018. - Thit trí lá oscailte amach mar chuid de <i>Sheachtain an gColáistí</i> in Ionad Oiliúna Phort Láirge. Cuireadh turais threoraithe ar fáil d'iarbhunscoileanna, Ionaid Ógtheagmhála, Ionad Oiliúna Pobail agus go leor grúpaí óige. Ba ghné lárnach de na turais seisiúin faisnéise ar phrintíseachtaí. - Thit lá oscailte amach i gColáiste Dhún Garbhán. Chuir go leor de na hinstiúidí tríú leibhéal agus fostóirí BOOPLG seastáin in airde.
5.3.2	<p>Liosta iomlán na gcúrsaí uile atá le fáil a fhorbairt agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil said uasdátaithe maris cuí agus go bhfuil teacht éasca orthu ar line.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tá liosta iomlán cúrsaí ar fáil ar www.fetchcourses.ie. Is láithreán gréasáin náisiúnta é seo agus cuireann sé ar chumas foghlaimeoirí an réimse cúrsaí a fheiceáil atá ar fáil agus chun iarratas a dhéanamh ar na cúrsaí.
5.3.3	<p>Láithreach ag foireann thábhachtach ag taispeántais phoiblí sa réigiún le léiriúcháin ardchaighdeán agus earraí promóisin ann.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Freastalaíonn an fhoireann Seirbhíse do Ghnólachtaí ar gach tionól mór gnó i bPort Láirge agus i Loch Garman ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh. - D'fhreastail BOOPLG ar agus rinne sé cur i láthair ag roinnt imeachtaí, Comhdháil an SEAI, an chomhdháil maidir le foirgnimh nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh ina measc agus chuir sé taispeántí ar siúl ag seónna talmhaíochta agus tógála.
5.3.4	<p>Eolas a chur chun cinn faoi ghníomhaíochtaí BOOPLG ar scoil agus ag ócáidí ionad phoiblí ar nós teastas scoile, seoltaí agus ócáidí deireadh bliana.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Scaiptear nuashonruithe rialta ar an mbaint a bhíonn ag BOOPLG in imeachtaí anuas ar an iomaí rath a bhíonn ar an eagraíocht ar an bpobal tríd an úsáid a bhainimid as ardáin na meán sóisialta, láithreán gréasáin BOOPLG agus nuachtlitir na foirne.

Tosaíocht Straitéiseach 5.4:		
Uasghrádú a dhéanamh ar bhrandáil agus ar mhargú BOOPLG		
Gníomhartha Straitéiseacha	Torthaí 2018	
5.4.1	<p>Straitéisí brandála agus margaíochta a fhorbairt agus a churi bhfeidhm don eagraíocht, le forbairt sraith ábhar promóisin chun seirbhísí BOOPLG a chur chun cinn san áireamh.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Tá meirgí brandáilte BOOPLG i bhfeidhm i ngach iar-bhunscoil agus ionad de chuid an SDOG.
5.4.3	<p>Foireann eagraíochta-uile a bhunú le cúram orthu do ghníomhaíochtaí meáin, agus é tacaithe ag oiliúint chúí agus forfheidhmiú na dtreoirilínte.</p>	<ul style="list-style-type: none"> - Thug an fhoireann bhainistíochta sinsearaí faoi oiliúint ar scileanna meán. - Bunaíodh Grúpa Oibre Cumarsáide.



wwetb
Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Waterford and Wexford
Education and Training Board

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomhain
Ard Chaomhain
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón 053 9123799